# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/83 ÓN gCOIMISIÚN

**an 27 Eanáir 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha atá údaraithe go sonrach rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh agus le tréimhse chur i bhfeidhm na mbeart sealadach**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]) agus go háirithe Airteagal 141(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625 rialacha maidir le, *inter alia*, déanamh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochta oifigiúla eile ag údaráis inniúla na mBallstát. Chomh maith leis sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún na bearta sealadacha is gá a ghlacadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, chun rioscaí do shláinte an duine, ainmhithe agus plandaí agus do leas ainmhithe a shrianadh, i gcás ina bhfuil fianaise aige ar bhriseadh tromchúiseach i gcóras rialaithe Ballstáit.

(2) Chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca sonracha atá ann i ngeall ar an ngéarchéim reatha a bhaineann le galar an choróinvíris (COVID-19), faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 ón gCoimisiún ([2]) is féidir leis na Ballstáit bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochta oifigiúla eile.

(3) Chuir na Ballstáit in iúl don Choimisiún, i bhfianaise na géarchéime a bhaineann le COVID-19, nach réiteofar roimh an 1 Feabhra 2021 bristeacha tromchúiseacha áirithe i bhfeidhmiú a gcóras rialaithe, deacrachtaí ó thaobh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh ar dheimhnithe oifigiúla agus ar fhianuithe oifigiúla maidir le gluaiseachtaí ainmhithe agus earraí isteach san Aontas agus laistigh den Aontas, agus deacrachtaí ó thaobh cruinnithe fisiciúla a eagrú le hoibreoirí agus lena bhfoireann i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla.

(4) Chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas freisin faoi bhristeacha eile a bhaineann leis an gcumas baill foirne iomchuí a imscaradh, mar a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2017/625, i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile.

(5) Chun aghaidh a thabhairt ar na bristeacha tromchúiseacha sin, bristeacha ar dócha go leanfaidh siad de bheith ann sna míonna atá romhainn, agus chun pleanáil agus déanamh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a éascú le linn na géarchéime a bhaineann le COVID-19, ba cheart an deis a thabhairt isteach arís cúram rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochta oifigiúla eile a chur ar dhaoine nádúrtha atá údaraithe go sonrach, mar a leagadh síos roimhe seo i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 go dtí an 1 Lúnasa 2020, agus ba cheart síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 go dtí an 1 Iúil 2021.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 a leasú dá réir.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 ón gCoimisiún an 30 Márta 2020 maidir le bearta sealadacha chun rioscaí do shláinte an duine, ainmhithe agus plandaí agus do leas ainmhithe a shrianadh le linn bristeacha tromchúiseacha i gcórais rialaithe na mBallstát de bharr ghalar an choróinvíris (COVID-19) (IO L 98, 31.3.2020, lch. 30).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 mar a leanas:

(1) cuirtear Airteagal 3 isteach mar a leanas:

*"Airteagal 3*

Féadfaidh duine nádúrtha amháin nó níos mó rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh go heisceachtúil, ar daoine nádúrtha iad atá údaraithe go sonrach ag an údarás inniúil ar bhonn a gcáilíochtaí, a n-oiliúna agus a dtaithí phraiticiúil agus atá i dteagmháil leis an údarás inniúil trí mheán aon mhodh cumarsáide atá ar fáil agus a bhfuil sé de cheangal orthu treoracha an údaráis inniúil a leanúint chun na rialuithe oifigiúla sin agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh. Gníomhóidh na daoine sin go neamhchlaonta agus beidh siad saor ó aon choinbhleacht leasa a mhéid a bhaineann leis na rialuithe oifigiúla agus le gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanann siad."

(2) sa dara mír d'Airteagal 6, cuirtear "1 Iúil 2021" in ionad an dáta "1 Feabhra 2021".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Feabhra 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN